Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020
(OR. en)

13496/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0338(NLE)

AVIATION 223
RELEX 950
RHJ 8

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh ón gComhairle an 27 Samhain 2020.

2. Baineann an togra leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile[1] lena nglactar Rialacha nós imeachta an Chomhchoiste.

[1] IO L 334, 6.12.2012, lch. 3.

3. Tháinig an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020. Tá an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 21 den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara freagrach as riar an Chomhaontaithe agus áirithíonn sé go gcuirtear chun feidhme mar is ceart é.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle[2] agus an iarscríbhinn[3] a ghabhann leis an 3 Nollaig 2020.

5. Rinne seirbhís dlítheangeolaíoch na Comhairle na téacsanna mar a d'aontaigh an Mheitheal iad[4] a ullmhú.

6. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe comhaontú na Meithle a dhaingniú agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh máille lena iarscríbhinn mar a leagtar amach iad in 13480/20 agus 13481/20, mar mhír "I/A" ag ceann dá cruinnithe amach anseo.

---

2 13464/20

3 13464/20 ADD 1

4 13480/20 + 13481/20